



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012

STAIR - ARDLLEIBHÉAL
(NÁ cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)


FOINSÍ

1. PICTIÚIR

PICTIÚR A.1



PICTIÚR A.2




Foinse: Ard-Mhúsaem na hÉireann

PICTIÚR B



Foinse: www.nli.ie

PICTIÚR C



Foinse: irishelectionliterature.wordpress.com

DOICIMÉID

DOICIMÉAD 1

Sliocht as cuntas finné súl a thug Antonio Pigafetta, dialannaí ar thuras fionnachtana Magellan sa séú haois déag.

Chaith na dúchasaigh an oiread sin saighead linn agus theilg siad an oiread sin sleánna bambú (cuid acu le goib iarainn) leis an gcaptaen gur ar éigean a bhíomar in ann muid féin a chosaint. Ar a fheiceáil sin dó, chuir an captaen roinnt fear chun a gcuid tithe a dhó sa chaoi go gcuirfí scéin iontu. Nuair a chonaic siad a gcuid tithe ag dó, is amhlaidh a tháinig níos mó feirge orthu.

Tháinig an oiread sin acu dár n-ionsaí gur chuir siad saighead nimhithe trí chos dheas ár gcaptaein. Mar sin, d'ordaigh sé dúinn cúlú go mall, ach chuaigh na fir i mbun troda ach amháin seisear nó ochtar againn a d'fhan leis an gcaptaen. Lean na dúchasaigh sa tóir orainn, iad ag piocadh suas na sleá céanna ceithre nó sé uaire agus á teilgean linn arís agus arís. D'aithin siad an captaen agus d'ionsaigh an oiread sin acu é gur leag siad a chlogad dá chloigeann faoi dhó ach sheas sé an fód i gcónaí mar a bheadh ridire maith ann.

Theilg Indiach sleá bhambú isteach in aghaidh an chaptaen ach mharaigh seisean lena lansa láithreach é. Ansin, agus é ag iarraidh lámh a chur ar a chlaíomh, ní raibh sé in ann ach é a tharraingt amach leath bealaigh mar go raibh a lámh gonta ag sleá bhambú. Nuair a chonaic na dúchasaigh é sin, léim siad ar fad ina mhullach. Ghoin duine acu sa chos chlé é agus mar thoradh air sin thit sé i mullach a chinn. Léim siad ina mhullach láithreach le sleánna iarainn agus bambú agus lena muirchlaimhte, nó gur mharaigh siad ár scáthán, ár solas, ár sólás agus ár bhfíorthreoraí.

‘The Death of Magellan, 1521’ www.eyewitnesstohistory.com (2001).

DOICIMÉAD 2

Tugann ailtire Hitler, Albert Speer, cuntas ar chuairt Hitler ar Pháras go gairid tar éis thitim na Fraince i 1940.

Thiomáineamar trí na bruachbhailte díreach go dtí an foirgneamh galánta sin, an Opera. Ba é an foirgneamh ab fhearr le Hitler é agus an chéad rud a bhí sé ag iarraidh a fheiceáil. Chuaigh giolla le gruaig bhán timpeall in éineacht linn tríd an bhfoirgneamh tréigthe. Ba chosúil go raibh Hitler go mór faoi dhraíocht ag an Opera, chuir a áilleacht sceitimíní air, a shúile ag lonradh le teann spleodair. Ar ndóigh, d'aithin an giolla láithreach an duine a bhí á threorú tríd an bhfoirgneamh aige. Threoraigh sé trí na seomraí muid ar bhealach a bhí gairmiúil ach an-deoranta. Nuair a bhíomar réidh leis an bhfoirgneamh a fhágáil faoi dheireadh, labhair Hitler i gcogair lena aidiúnach, Brückner. Thóg seisean nóta caoga marg amach as a thiachóg agus chuaigh sé sall chuig an ngiolla a bhí ina sheasamh píosa uaidh. Go lách ach go daingean, dhiúltaigh an fear an t-airgead a thógáil.

Ina dhiaidh sin, thiomáineamar thar an Madeleine, síos an Champs Élysées, ar aghaidh chomh fada leis an Trocadéro, agus ansin go dtí an Túr Eiffel, áit ar ordaigh Hitler stopadh arís. Ón Arc de Triomphe thiomáineamar ar aghaidh chuig Les Invalides, áit ar sheas Hitler ar feadh i bhfad ag tuama Napoléon. Ba é deireadh an turais eaglais Sacre Coeur ar Montmartre. Sheas sé anseo ar feadh i bhfad agus cúpla fear mór óna scuid tionslacain timpeall air. D'aithin mórán díobh siúd a bhí ag freastal ar an eaglais é ach rinne siad neamhshuim de. Tar éis féachaint arís ar Pháras den uair dheiridh, thiomáineamar go tapa ar ais chuig an aerfort. Ina dhiaidh sin dúirt sé, 'Ba é aisling mo chroí cead a bheith agam Páras a fheiceáil. Ní féidir liom cur síos ar an lúcháir atá orm gur éirigh liom an aisling sin a chur i gcrích inniu.'

'Hitler Tours Paris, 1940' www.eyewitnesstohistory.com (2008).